

**COMHDHÁIL AR AONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– AN ÚCRÁIN –**

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)**

**AD 80/1/26
REV 1**

LIMITE

CONF-UA 17

DOICIMÉAD AONTACHAIS

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
- Cnuasach 3: Iomaíochas agus fás cuimsitheach

CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS

An Úcráin

COMHSHEASAMH ÓN AONTAS

(ag eascairt as Seasamh Caibidlíochta na hÚcráine AD 30/26 CONF-UA 6)

Cnuasach Caibidlíochta: 3

Iomaíochas agus fás cuimsitheach

Lena n-áirítear caibidlí 10 - An claochlú digiteach agus na meáin, 16 - Cánachas, 17 - Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, 19 - Beartas sóisialta agus fostaíocht, 20 - Beartas fiontraíochta agus beartas tionsclaíoch, 25 - Eolaíocht agus taighde, 26 - Oideachas agus cultúr, 29 - An t-aontas custaim

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Úcráin (AD 9/24 CONF-UA 2), agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhorhmuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- pé tuairim a chuirfidh an Úcráin nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

agus, tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 5, 12, 42, 49, 50, 51 agus 52 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Úcráin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Úcráin, ina seasamh AD 30/26 CONF-UA 6, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 3 mar atá i bhfeidhm an 7 Deireadh Fómhair 2026 agus go ndearbhaíonn sí go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach, cé is moite de réimsí i gcaibidlí 16 agus 17 dár iarr an Úcráin idirthréimhsí, mar a leagtar amach thíos.

Mar fhreagairt fhoriomlán ar iarrataí na hÚcráine ar idirthréimhsí agus maoluithe, meabhraíonn an tAontas a sheasamh ginearálta caibidlíochta go bhfuil bearta idirthréimhseacha eisceachtúil, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus go bhfuil plean ag gabháil leo ina sainítear go soiléir céimeanna chun *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm. Ní fhéadfaidh leasuithe ar rialacha ná ar bheartais an Aontais a bheith i gceist leo, ní fhéadfaidh siad cur isteach ar a bhfeidhmiú cuí, ná ní fhéadfaidh saobhadh suntasach iomaíochta sa mhargadh inmheánach a bheith mar thoradh orthu.

1. Caibidil 10 – An claochlú digiteach agus na meáin

Is díol sásaimh don Aontas **leagan amach institiúideach** dea-struchtúrtha na hÚcráine agus a hardleibhéal ailínithe le cuspóirí beartais an Aontais agus iarrann sé ar an Úcráin ailíniú iomlán le cuspóirí na Deacáide Digití a áirithiú. Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Úcráin i réimse an chlaochlaithe dhigitigh, [go háirithe maidir le digiteáil na seirbhísí poiblí]. Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, trasuí *acquis* fánaíochta an Aontais arna dhéanamh ag an Úcráin, lenar cumasaíodh aontachas leis an limistéar ‘Fánaíocht ar Tháillí Baile’, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leas iomlán a bhaint as an gClár don Eoraip Dhigiteach.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir leis **an gcumarsáid leictreonach agus an teicneolaíocht** faisnéise. Is díol sásaimh don Aontas ardleibhéal ailínithe na hÚcráine le *acquis* fánaíochta an Aontais, agus ailíniú páirteach na hÚcráine le sainaithint leictreonach, sonraí oscailte agus beartas speictrim raidió. Iarrann an tAontas ar an Úcráin iarrachtaí a neartú chun leanúint dá hailíniú agus iarrann sé ar an Úcráin gach beart is gá a dhéanamh chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear an banda 700 MHz a scaoileadh ón gcráoltóireacht teilifíse, mar aon le *acquis* an Aontais maidir le 800 MHz, ach a mbeidh deireadh curtha leis an dlí airm.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **seirbhísí digiteacha**. Is díol sásaimh don Aontas na céimeanna tosaigh chun ailíniú leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, leis an nGníomh um Margaí Digiteacha agus leis an Rialachán maidir le hArdáin le haghaidh Gnó agus iarrann sé ar an Úcráin leanúint do na hiarrachtaí sin, go háirithe maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Tugann an tAontas dá aire an iarraidh ón Úcráin ar chúnamh teicniúil maidir le húdarás rialála inniúil a bhunú lena gcumhdófar, i measc nithe eile, cur chun feidhme seirbhísí digiteacha.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **hiontaoibh dhigiteach agus cibearshlándaíl**. Iarrann an tAontas ar an Úcráin ailíniú a dhéanamh le Creat an Aontais Eorpaigh um Chéannacht Dhigiteach agus leanúint de bheith ag ailíniú leis an Dara Treoir NIS. Ina theannta sin, molann an tAontas don Úcráin leanúint de bhosca uirlisí cibearshlándaála 5G a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas ardleibhéal ailínithe na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le seirbhísí **meán closamhairc** i gcoitinne, agus ailíniú páirteach le *acquis* na meán ann féin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Úcráin tús áite a thabhairt don ailíniú iomlán leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán mar ábhar práinne.

Ina theannta sin, tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Úcráin ailínithe le *acquis* an Aontais maidir leis an **intleacht shaorga** agus **leathsheoltóirí** agus iarrann sé ar an Úcráin ailíniú a dhéanamh le Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga, agus na bearta is gá a dhéanamh chun ailíniú leis an *acquis* maidir le leathsheoltóirí.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil creat dlíthiúil agus straitéiseach i bhfeidhm ag an Úcráin chun **an t-éiliú a chomhrac sa chlaochlú digiteach agus na meáin**. Molann an tAontas don Úcráin córas faireacháin a choinneáil ar bun lena n-áiríteofar cur chun feidhme an chreata, agus aird ar leith á tabhairt ar earnáil na meán.

2. Caibidil 16 – Cánachas

Tugann an tAontas dá aire an iarraidh ón Úcráin ar idirthréimhsí maidir leis an méid seo:

- a. idirthréimhse maidir le rialacha dleachta máil an Aontais, gan na díolúintí a chur i bhfeidhm, go háirithe i ndáil leis an méid seo:

- 1) Airteagal 14(1)(c) de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas, maidir le cur chun feidhme díolúine ó dhleacht mháil do tháirgí fuinnimh a sholáthraítear lena n-úsáid mar bhreosla chun críoch loingseoireachta in uiscí teorann an Chomhphobail (lena n-áirítear an t-iascaireacht), seachas le haghaidh árthaí príobháideacha áineasa, agus leictreachas a tháirgtear ar bord soithí.

Measann an tAontas nach mór faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil sula bhféadfaidh an tAontas seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin. Go háirithe, iarrann an tAontas ar an Úcráin tráthchlár na hidirthréimhse a iarradh a shonrú, plean a thíolacadh chun rialacha dleachta máil an Aontais a chomhlíonadh i ndáil le díolúintí maidir le táirgí sonracha fuinnimh agus cuntas teiste a chur ar fáil maidir lena cur chun feidhme tar éis na hidirthréimhse.

- 2) Fomhíreanna (a), (e) agus (f) d'Airteagal 27(1) de Threoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú.

Measann an tAontas nach mór faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil sula bhféadfaidh an tAontas seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin. Go háirithe, iarrann an tAontas ar an Úcráin tráthchlár na hidirthréimhse a iarradh a shonrú, plean a thíolacadh chun rialacha máil an Aontais a chomhlíonadh i ndáil le díolúintí maidir le halcól agus deochanna alcólacha sonracha agus cuntas teiste a chur ar fáil maidir lena cur chun feidhme tar éis na hidirthréimhse.

- b. Idirthréimhse maidir leis an gcóras comhchoiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchiosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil.

Measann an tAontas nach mór faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil sula bhféadfaidh an tAontas seasamh cinntitheach a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin. Go háirithe, iarrann an tAontas ar an Úcráin tráthchlár na hidirthréimhse a iarradh a shonrú agus breis faisnéise a thíolacadh maidir leis an tionchar a bheadh ag cur i bhfeidhm nó moill ar chur i bhfeidhm an chórais chomhchoitinn cánachais ar íocaíochtaí úis agus ríchiosa trasteorann ar ioncam cánach agus ar tharraingteacht na hÚcráine mar cheann scríbe infheistíochta. Molann an tAontas filleadh ar an iarraidh ag tráth níos déanaí sa chaibidlíocht.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil reachtaíocht na hÚcráine i gcomhréir go páirteach le *acquis* an Aontais maidir leis an **gcánachas indíreach**. Iarrann an tAontas ar an Úcráin reachtaíocht CBL na hÚcráine a thabhairt i gcomhréir le *acquis* an Aontais, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme chur i bhfeidhm rátaí laghdaithe agus díolúintí CBL, agus tríd an gcóras riaracháin CBL a neartú. Thairis sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Úcráin a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le dleachtanna máil a bhaineann le táirgí fuinnimh, tobac monaraithe, agus alcól agus deochanna alcólacha. Áirítear leis sin amlíne a chur chun feidhme chun ailíniú, de réir a chéile, le rátaí dleachta máil an Aontais. Ina theannta sin, ní mór don Úcráin an córas stórasaithe cánach maidir le halcól agus deochanna alcólacha, tobac monaraithe agus táirgí fuinnimh a thabhairt i gcomhréir le *acquis* an Aontais. Ní mór don Úcráin ailíniú freisin leis an Treoir maidir le cánacha indíreacha ar chaipiteal a chruinniú, agus ní mór ailíniú breise a dhéanamh maidir le cánachas gluaisteán.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil reachtaíocht na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir leis an **gcánachas díreach**, lena n-áirítear an Treoir maidir le cumaisc, an Treoir maidir le máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí, an Treoir maidir le hús agus ríchíosanna, an Treoir in aghaidh seachaint Cánach, an Treoir maidir le sásra um réiteach díospóidí cánach, agus an Treoir maidir le córas comhchoiteann cánachais do mháthairchuideachtaí agus d'fhochuideachtaí Ballstát éagsúil. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór caitheamh go cothrom leis na cáiníocóirí uile a fheidhmíonn a gcearta saorghluaiseachta faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus nach mór, faoi thráth an aontachais, deireadh a chur le haon reachtaíocht chánach náisiúnta lena ndéantar idirdhealú ar cháiníocóirí neamhchónaitheacha le hais cáiníocóirí cónaitheacha.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil córas cánach na hÚcráine i gcomhréir go páirteach le *acquis* an Aontais maidir leis an **gcomhar riaracháin agus an digiteáil**. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Úcráin ailíniú breise a dhéanamh le ceanglais an Aontais maidir le cúnamh frithpháirteach agus maidir le comhar riaracháin agus iarrachtaí a neartú chun idirnascadh agus idir-inoibritheacht le córais dhigiteacha an Aontais a bhaint amach.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil na struchtúir agus na huirlisí i bhfeidhm ag an Úcráin chun **éilliú sa chóras cánach a chomhrac**. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Úcráin cosc agus ionchúiseamh an éillithe a chur in ord tosaíochta trí fheabhas a chur ar ionracas agus gairmiúlacht na n-údarás cánach, trí chumhachtaí lánroghnacha a theorannú, agus trí na lúba ar lár atá ann lena n-éascaítear imghabháil cánach a dhúnadh. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin cumas na n-institiúidí forfheidhmithe dlí a threisiú chun cásanna éillithe a bhaineann le cánachas a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé leanúint de na bearta athchóirithe a chur chun feidhme faoin Straitéis Náisiúnta Ioncaim 2024-2030.

3. Caibidil 17 – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta

Mar a fhoráiltear sa Chreat Caibidlíochta, tar éis an aontachais ní bheidh an Úcráin mar chuid den limistéar euro ná den Eurochóras láithreach bonn.

Is díol sásaimh don Aontas ardleibhéal ailínithe na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir leis an **mbeartas airgeadaíochta**, go háirithe maidir leis an toirmeasc ar rochtain phribhléideach na hearnála poiblí. Iarrann an tAontas ar an Úcráin na bearta is gá a dhéanamh chun a reachtaíocht a ailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais maidir le neamhspleáchas na mbanc ceannais. Go háirithe, leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go n-áiritheoidh an Úcráin neamhspleáchas pearsanta Ghobharnóir Bhanc Náisiúnta na hÚcráine agus chomhaltaí a chomhlachtaí cinnteoireachta, go háirithe maidir le forais le haghaidh dífhostú a shainítear go soiléir i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus le rochtain ar athbhreithniú breithiúnach, agus bearta a dhéanamh chun deireadh a chur le haon tionchar rialtais nó parlaiminteach ar chomhlachtaí rialachais agus cinnteoireachta Bhanc Náisiúnta na hÚcráine. Meabhraítear don Aontas nach mór don Úcráin a áirithiú go gcomhlíonfaidh Banc Náisiúnta na hÚcráine go hiomlán an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta nuair a chuirfear deireadh leis an dlí míleata. Mar a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta, ní rachaidh an Úcráin isteach sa limistéar euro ná san Eurochóras go huathoibríoch tar éis an aontachais. Maidir leis an mbeartas eacnamaíoch, tugann an tAontas dá aire go bhfuil a rialachas fíoscach á neartú de réir a chéile ag an Úcráin agus go bhfuil sí ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le comhordú agus faireachas fíoscach, cuntasáíocht agus staidreamh na hearnála poiblí, réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus buiséadach, rialacha fíoscacha uimhriúla, trédhearcacht airgeadas an rialtais ghinearálta, agus raon feidhme na gcreataí buiséadacha náisiúnta. Cuireann an tAontas in iúl gur gá iarracht níos fearr a dhéanamh chun feabhas a chur ar cháilíocht an staidrimh mhaicreacnamaíoch agus airgeadais rialtais, chun an próiseas réamhaisnéise a bheachtú, chun institiúid fhíoscach neamhspleách a bhunú, agus chun reachtaíocht agus cleachtais buiséadacha a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le creataí buiséadacha náisiúnta. Chomh maith leis sin, beidh gá le hiarrachtaí chun a áirithiú go dtíolacfar sonraí ardcháilíochta go tráthúil faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil creat reachtach institiúideach **sa bheartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta chun an t-éilliú a chomhrac** ach leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfidh na hinstitiúidí ábhartha uile na bearta in aghaidh an éillithe chun feidhme go stóinseach agus go ndéanfaidh siad dlúthfhaireachán orthu.

4. Caibidil 19 – Beartas sóisialta agus fostaíocht

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin tiomanta do bheartas agus do phrionsabail an Aontais lena dtreoraítear a bheartais shóisialta agus fostaíochta. Iarrann an tAontas ar an Úcráin níos mó oibre a dhéanamh chun ailíniú le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus lena chur chun feidhme, lena n-áirítear trí straitéisí nua agus uirlisí bailithe sonraí a ghlacadh agus trína áirithiú go n-úsáidfeair na hionstraimí uile atá ar fáil chun cur chun feidhme agus baint amach chuspóirí an Cholúin a chur chun cinn, lena n-áirítear comhdheiseanna, dálaí oibre cothroma agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **dlí an tsaothair**¹ agus molann sé don Úcráin í féin a ailíniú a thuilleadh leis. Ní mór tuilleadh ailínithe a dhéanamh i réimsí mar atá faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht na n-oibrithe, dálaí oibre, am oibre agus dlí an tsaothair san iompar, chomh maith le postú oibrithe, agus ní mór go dtabharfaí i gcrích an t-ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le gnóthais a aistriú. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go neartóidh an Úcráin na hacmhainneachtaí riaracháin maidir le forfheidhmiú agus cigireacht chun go mbeidh sí ag ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta saothair.

¹ Chun an measúnú ar *acquis* an Aontais maidir le dálaí oibre, am oibre agus postú oibrithe i réimse an iompair de bhóthar a fháil, féach an seasamh ón Aontas maidir le Cnuasach 4, Caibidil 14 (Iompar).

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hAlbáine le *acquis* an Aontais maidir le **sláinte agus sábháilteacht ag an obair**. Tugann an tAontas dá aire freisin gur gá tuilleadh ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, lena n-áirítear leis an Treoir Réime, leis an treoir maidir leis an áit oibre, le tionscail asbhainte mianraí tríd an treoir maidir le druileáil, chomh maith le teoracha lena gcumhdaítear rioscaí sonracha lena n-áirítear oibreáin cheimiceacha, bhitheolaíocha agus fhisiceacha, cuir i gcás an treoir maidir le haispeist ag an obair, an treoir maidir le carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh, agus an treoir maidir le réimsí leictreamaighnéadacha. Ní mór don Úcráin ailíniú le teoracha maidir le hobair ar bord soithí iascaireachta, cóir leighis ar bord soithí, agus gortuithe de bharr uirlisí géara in ospidéal agus san earnáil cúraim sláinte. Ní mór don Úcráin a áirithiú go gclúdófar na nuashonruithe a rinneadh ar Threoracha an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair sa reachtaíocht náisiúnta freisin, i gcás ar bith nach ndearnadh amhlaidh go dtí seo. Ní mór aird ar leith a thabhairt freisin ar an raon feidhme pearsanta a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht sin ag teacht le raon feidhme pearsanta Threoracha an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Níl an Úcráin sách ullmhaithe i dtaca leis na gnéithe institiúideacha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Ní mór di na hacmhainneachtaí riaracháin maidir le forfheidhmiú agus cigireacht a neartú chun go mbeidh sí ag ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta saothair.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat bunúsach institiúideach agus dlíthiúil i bhfeidhm ag an Úcráin le haghaidh **idirphlé sóisialta**. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé don Úcráin bearta a dhéanamh chun a creat institiúideach a neartú i gcomhréir le caighdeáin agus cleachtais an Aontais maidir le hidirphlé sóisialta, chun feabhas a chur ar idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach araon, chun cómhargáil a chur chun cinn agus chun fothú acmhainneachta a áirithiú do na comhpháirtithe sóisialta.

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an **mbeartas fostaíochta**, go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir leis an gcreat ginearálta le haghaidh beartais fostaíochta, an geilleagar sóisialta agus an t-aistriú cóir, agus maidir le scéimeanna tacaíochta fostaíochta agus fostaíocht don aos óg. Meabhraítear don Aontas gur gá bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair agus scéimeanna tacaíochta fostaíochta a neartú a thuilleadh, go háirithe do dhaoine óga, do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear oibrithe faoi mhíchumas. Ní mór an creat reachtach agus an acmhainneacht institiúideach a neartú freisin, go háirithe acmhainneacht fheidhmiúil Sheirbhís Fostaíochta an Stáit. Maidir leis an aistriú cóir, cuireann an tAontas in iúl nach mór don Úcráin cur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais a áirithiú agus spriocanna an Aontais do 2030 á gcur chun feidhme aici agus, níos tábhachtaí fós, spriocanna an Aontais do 2050 maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, chomh maith le gealltanais laghdaithe astaíochtaí, agus aird ar leith á tabhairt ar thionchar dáileacháin an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta ar na grúpaí daonra is leochailí, gan aon duine a fhágáil ar lár.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le gnéithe institiúideacha den **chosaint shóisialta agus den chuimsiú sóisialta**. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le beartas an Aontais maidir le cúram fadtéarmach, agus cosaint agus cúram leanaí. Iarrann an tAontas ar an Úcráin an córas cosanta sóisialta a neartú agus feabhas a chur ar an rochtain ar an gcóras sin, chomh maith leis an straitéis maidir leis an gceart atá ag gach leanbh fás aníos i dtimpeallacht teaghlaigh a chur chun feidhme agus a seirbhísí cúraim leanaí a fhorbairt a thuilleadh. Iarrann an tAontas ar an Úcráin rochtain chothrom inacmhainne ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán a áirithiú do gach duine atá i ngátar, mar aon le tacaíocht do chúramóirí neamhfhoirmiúla, agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le dí-institiúidiú agus tacaíocht chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann maireachtáil go neamhspleách, lena n-áirítear daoine scothaosta faoi mhíchumas agus leanaí faoi mhíchumas.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **neamh-idirdhealú**, agus maidir le **cóir chomhionann idir mná agus fir sa bheartas fostaíochta agus sóisialta**. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a reachtaíocht a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, *inter alia*, an bhearna phá idir na hinscní agus ionadaíocht theoranta na mban i bpoist chinnteoireachta. Iarrann an tAontas ar an Úcráin cur chun feidhme na mbeart ábhartha a áirithiú chomh maith le comhionannas éifeachtach idir mná agus fir san fhostaíocht agus sa bheartas sóisialta.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat institiúideach agus reachtaíochta na hÚcráine ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE)**. Iarrann an tAontas ar an Úcráin acmhainneachtaí sna comhlachtaí stáit a fheabhsú chun a áirithiú go mbeidh siad ullamh chun an Ciste Sóisialta a bhainistiú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bearta agus cláir i bhfeidhm ag an Úcráin chun **an t-éilliú a chomhrac sa réimse sóisialta agus fostaíochta** agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart cur chun feidhme agus éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, mar aon leis na córais inmheánacha rialaithe agus na hacmhainneachtaí riaracháin a neartú. Tá gá le hailíniú breise le *acquis* an Aontais maidir le cosaint do sceithirí, mar aon le céimeanna chun ionracas i gcigireachtaí saothair agus cuntasacht i gcigireachtaí saothair agus sa chaiteachas ar chúnamh sóisialta a fheabhsú.

5. Caibidil 20 – Beartas fiontraíochta agus beartas tionsclaíoch

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le **gnéithe cothrománacha de bheartas tionsclaíoch an Aontais**, agus go háirithe go ndearnadh dul chun cinn maith maidir le spriocanna an bheartais thionsclaíoch a ailíniú le spriocanna beartais an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint den ailíniú leis na gnéithe cothrománacha sin. Leagann an tAontas béim ar an dul chun cinn atá déanta ag an Úcráin maidir le seirbhísí poiblí a dhigiteáil, fás glas agus forbairt earnáilsonrach. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin an bhéim a choinneáil ar dhea-chleachtais agus ar bheartais an Aontais a ghlacadh sna hearnálacha sin, rud a chuireann lena tiomantas don fhorbairt inbhuanaithe agus d'aistriú straitéiseach digiteach na hearnála príobháidí a bheidh dírithe ar institiúidí.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le beartas agus ionstraimí FBM an Aontais i réimse **an bheartais agus na n-ionstraimí fiontraíochta**. Tugann an tAontas dá aire nach mór don Úcráin díriú ar chur chun feidhme, go háirithe i gcás athchóirithe casta. Cé go bhfuil an Úcráin rannpháirteach go gníomhach i gColún FBM de Chlár an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear an Líonra Fiontar Eorpach, Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga, agus EuroClusters, iarrann an tAontas ar an Úcráin a áirithiú go mbeidh sineirgí idir gníomhaíochtaí Cholún FBM agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le FBManna.

Tugann an tAontas dá aire go bhféadfaí feabhas a chur ar a tharraingtí atá tionscnaimh mar shampla clár EFÓ agus comhpháirtíochtaí cnuasaigh idir an tAontas agus an Úcráin trí bhacainní ar rannpháirtíocht i gcláir an Aontais ar nós an Chláir don mhargadh aonair a mhaolú agus trí shineirgí a thógáil idir gníomhaíochtaí Cholún FBM agus gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le FBManna. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais a áirithiú maidir le híocaíochtaí déanacha.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **hearnálacha tionsclaíochta**. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ag an Úcráin maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais i roinnt earnálacha tionsclaíocha, le hiarrachtaí suntasacha i réimsí áirithe, mar shampla amhábhair. Is díol sásaimh don Aontas iarrachtaí na hÚcráine ailíniú le cuspóirí bheartas spáis an Aontais agus le hionstraimí ábhartha. Iarrann an tAontas ar an Úcráin, maidir le hearnáil na tógála, córas láidir faireachais margaidh a bhunú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin leanúint de na hiarrachtaí i ngach earnáil ina bhfuil gá le tuilleadh ailínithe le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear turasóireacht, tógáil, mianadóireacht, amhábhair, teicstílí, cosaint agus tionscal na cruach.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Úcráin **feidhmiú** cothrom, margadh-dhírithe agus **neamh-idirdhealaitheach na dtionscal** a áirithiú, i gcomhréir le rialacha agus caighdeáin an Aontais, go háirithe le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, agus cuireann sé in iúl go ndéanfar faireachán ar an bpróiseas sin i gcomhréir le Caibidil 8 (Beartas iomaíochta). Ní mór don Úcráin sásraí maoirseachta a dhéanamh níos doichte agus tionchar inbhraite a léiriú maidir leis an éilliú a laghdú go háirithe in earnálacha ardriosca, lena n-áirítear tógáil agus amhábhair, sláine gnó a neartú i bhfiontair phríobháideacha agus i bhfiontair faoi úinéireacht stáit araon, chomh maith le fíoriomaíocht, trédhearcacht agus sláine a áirithiú i bpríobháidiú sócmhainní poiblí.

6. Caibidil 25 – Eolaíocht agus taighde

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **beartas taighde agus nuálaíochta** agus is díol sásaimh dó go bhfuil an Úcráin comhlachaithe go hiomlán le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, ar clár suaitheanta de chuid an Aontais é, agus go bhfuil sí ar chonair mhaith i dtreo a rannpháirtíocht sa Chlár Réime a mhéadú a thuilleadh. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a héiceachóras taighde agus nuálaíochta agus na bearta tionlacain is gá a neartú. Molann an tAontas don Úcráin bearta a dhéanamh chun comhar idir an eolaíocht agus an gnó a chur chun cinn agus bearta breise a dhéanamh chun éiceachóras nuálaíochta na hÚcráine a chomhtháthú agus dul chun cinn a dhéanamh maidir lena fheidhmíocht a fheabhsú sa Scórchlár Eorpach Nuálaíochta. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin straitéisí um speisialtóireacht chliste a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Úcráin maidir le **Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht** agus maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach. Iarrann an tAontas ar an Úcráin teagmháil a dhéanamh le níos mó páirtithe leasmhara fós – go háirithe i réimse na nuálaíochta. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Úcráin réasúnta ullamh maidir lena comhtháthú sa Limistéar Eorpach Taighde agus iarrann sé ar an Úcráin a hacmhainneacht a neartú a thuilleadh chun í féin a chomhtháthú a thuilleadh sa Limistéar Eorpach Taighde.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil creat éifeachtach straitéiseach agus dlíthiúil i bhfeidhm ag an Úcráin chun **an t-éilliú sa taighde agus san eolaíocht a chomhrac**. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Úcráin a héifeachtacht a neartú trí acmhainneachtaí a fhorbairt agus trí fhaireachán a dhéanamh ar fhoichomhlachtaí agus trí rialuithe a neartú maidir le húsáid cistí stáit, bainistiú sócmhainní poiblí agus coinbhleachtaí leasa.

7. Caibidil 26 – Oideachas agus cultúr

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **hoideachas agus oiliúint**. Tugann an tAontas dá aire gur spéis leis an Úcráin comhlachas a dhéanamh le Erasmus+. Measann an tAontas gur gá don Úcráin buiséad leordhóthanach a choimeád ar bun don oideachas i gcomhréir lena huaillmhianta agus lena spriocanna. Iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh maidir le bailiú sonraí agus úsáid an Chórais Faisnéise Bainistíochta Oideachais le haghaidh ceapadh beartas, idir-inoibritheacht iomlán a áirithiú ar fud na bhfo-earnálacha oideachais, agus tuairisciú poiblí rialta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don athchóiriú a dhéanfaidh an Úcráin ar oideachas agus cúram na luath-óige a bheith inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus rochtain leanúnach, chuimsitheach agus inacmhainne ar oideachas agus cúram ar ardchaighdeán a áirithiú do gach leanbh. Iarrann an tAontas ar an Úcráin tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun oideachas atá bunaithe ar inniúlachtaí a chur chun feidhme, tacú le múinteoirí agus le hoiliúnóirí le huirlisí agus oiliúint leordhóthanach chun foghlaim ardcháilíochta a chur ar fáil go héifeachtach, agus chun scileanna digiteacha a neartú ar gach leibhéal oideachais. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin, i réimse an ardoideachais, príomhghealltanais Phróiseas Bologna a chur chun feidhme go hiomlán agus ailíniú le Communiqué Thiorána agus Communiqué na Róimhe, go háirithe maidir leis an ngné shóisialta agus na luachanna acadúla. Tugann an tAontas dá aire nach mór don Úcráin tosaíocht a thabhairt don aistriú chuig creidiúnú institiúideach na n-institiúidí ardoideachais. Meabhraítear don Aontas nach mór don Úcráin dul chun cinn leordhóthanach a dhéanamh maidir leis na spriocanna arna mbunú faoi Limistéar Eorpach an Ardoideachais a bhaint amach agus córas faireacháin a chur i bhfeidhm lena rianófar iad go hiontaofa.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **gairmoideachas agus gairmoiliúint** agus scileanna le haghaidh infhostaitheachta agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Measann an tAontas gur gá don Úcráin acmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun an córas gairmoideachais agus gairmoiliúna a bharrfheabhsú i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, chun rannpháirtíocht cailíní agus grúpaí leordhóthanacha a fheabhsú, lena n-áirítear fothú acmhainneachta agus méadú ar líon agus ar chaighdeán na múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a fheabhsú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin comhordú na foghlama ar feadh an tsaoil a threisiú agus na deiseanna a bhaineann léi a leathnú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin glacadh micridhintiúr a chur chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar chuntais foghlama aonair a thionscnamh. Is díol sásaimh don Aontas gur ghlac an Úcráin páirt sa Chomhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí in 2025 agus iarrann sé ar an Úcráin, tríd an rannpháirtíocht sin, Moladh 2018 ón gComhairle maidir le creat Eorpach do phrintíseachtaí ardcháilíochta éifeachtacha a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn maith atá déanta ag an Úcráin maidir leis an **óige** agus tugann sé dá aire ag an am céanna a hailíniú páirteach le *acquis* an Aontais faoi seach. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint de thosaíocht a thabhairt don obair óige agus do rannpháirtíocht na n-óg agus leanúint de bheith ag cloí leis an gclár oibre Eorpach don obair óige mar phríomhchuspóirí. Iarrann an tAontas ar an Úcráin freisin a áirithiú go gcuirfear cuspóirí straitéiseacha chun feidhme go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir leis an **spórt** agus cuireann sé i bhfios go láidir nach mór don Úcráin leanúint den ailíniú reachtach le *acquis* spóirt an Aontais agus bearta sláine sa spórt a neartú, lena n-áirítear bearta in aghaidh na dópála, dea-rialachas agus cúbláil cluichí a chosc.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na hÚcráine le *acquis* an Aontais maidir le **cultúr** agus is díol sásaimh dó go bhfuil an Úcráin comhlachaithe go hiomlán le clár Eoraip na Cruthaitheachta, clár suaitheanta an Aontais chun tacú le hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta. Iarrann an tAontas ar an Úcráin an Straitéis maidir le forbairt chultúr na hÚcráine 2025-2030 a chur chun feidhme go héifeachtach, ailíniú le Treoir 2014/60/AE maidir le réada cultúrtha a fháil ar ais a áirithiú agus acmhainneacht institiúideach a neartú chun faireachán a dhéanamh ar thorthaí beartais. Iarrann an tAontas ar an Úcráin bearta soiléire, trédhearcacha agus éifeachtacha a ghlacadh maidir le cosaint na hoidhreacht cultúrtha agus maidir leis an bhfrithgháinneáil, agus forfheidhmiú na mbeart sin a áirithiú. Iarrann an tAontas ar an Úcráin leanúint de dheiseanna a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha comhoibriú lena bpiaraí i dtíortha an Aontais, go háirithe trí leanúint dá rannpháirtíocht i gclár an Aontais chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

Is díol sásaimh don Aontas go ndearna an Úcráin dul chun cinn maidir le **comhrac an éillithe i réimse an oideachais, na hóige, an spóirt agus an chultúir**. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin dul i ngleic leis an éilliú go príomha i réimse an ardoideachais, na hóige, an spóirt agus na hoidhreacht cultúrtha. Thairis sin, iarrann an tAontas ar an Úcráin sláine agus cuntasacht na gcomhlachtaí áitiúla agus na bhfochomhlachtaí a áirithiú, lena n-áirítear institiúidí i réimse an oideachais, na hóige, an spóirt agus institiúidí cultúrtha.

8. Caibidil 29 – An t-aontas custaim

Is díol sásaimh don Aontas go ndearna an Úcráin dul chun cinn maidir lena hailíniú le *acquis* an Aontais i ndáil leis an **reachtaíocht chustaim**. Tugann an tAontas dá aire go dearfach ardleibhéal ailínithe Chód Custaim na hÚcráine le Cód Custaim an Aontais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Úcráin a creat dlíthiúil a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais sa réimse sin. Ba cheart don Úcráin leanúint dá reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le Cód Custaim an Aontais agus lena reachtaíocht thánaisteach chomh maith le reachtaíocht chustaim eile de chuid an Aontais maidir le faoisimh ó dhleacht chustaim, forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla, earraí cultúrtha, airgead tirim, réamhtheachtaithe drugaí agus earraí dé-úsáide.

Is díol sásaimh don Aontas **acmhainneacht** leordhóthanach **riaracháin agus oibríochtúil** na hÚcráine chun na cúraimí custaim atá uirthi faoi láthair a chomhlíonadh. Iarrann an tAontas ar an Úcráin a hacmhainneacht agus a foireann riaracháin agus oibríochtúil a threisiú a thuilleadh roimh an aontachas. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Úcráin leanúint de na córais TF atá aici cheana a fhorbairt agus a uasghrádú, i gcomhréir le ceanglais an Aontais, chun idir-inoibritheacht le timpeallacht dhigiteach chustaim an Aontais a chumasú, mar a gealladh i bPlean Athchóirithe 2024-2030 na Seirbhíse Custaim Stáit. Meabhraítear don Aontas gur gá don Úcráin acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a shannadh do na forbairtí TF uile atá ar siúl faoi láthair agus iad siúd atá beartaithe, lena n-áirítear na forbairtí sin a bhaineann le tuilleadh éabhlóidí ar thimpeallacht dhigiteach chustaim an Aontais.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Úcráin leanúint dá **creat in aghaidh an éillithe i réimse an chustaim a neartú**. Beidh ar an Úcráin feabhas a chur ar bhainistiú riosca, agus ar an gcomhar idir údaráis agus gníomhaireachtaí náisiúnta, chomh maith le feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú éifeachtach smachtbhannaí i leith mí-iompair. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt do chur chun feidhme tráthúil athchóiriú na Seirbhíse Custaim Stáit agus bearta a thabhairt isteach chun rioscaí éillithe a laghdú in oifigí réigiúnacha agus áitiúla.

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na hÚcráine, agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Úcráin na tagarmharcanna eatramhacha maidir le Cnuasach 1, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Úcráin leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus gan dochar d'aon choinníollacha breise a bhunaítear sna tagarmharcanna breise a shainítear do Chnuasach 3, nach bhféadfar clabhsúr sealadach a chur orthu sin go dtí go gcomhaontóidh an tAontas go gcomhlíonfar na tagarmharcanna seo a leanas:

Caibidil 10 – An claochlú digiteach agus na meáin

- Rinne an Úcráin a reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cumarsáid leictreonach – lena n-áirítear na forálacha maidir le neamhspleáchas an Údaráis Rialála Náisiúnta, maidir le seirbhísí agus margaí digiteacha, iontaoibh dhigiteach agus cibearshlándaíl, sonraí, leathsheoltóirí, intleacht shaorga agus seirbhísí meán closamhairc.
- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil acmhainneacht riaracháin leordhóthanach aici chun reachtaíocht náisiúnta atá ailínithe le *acquis* an Aontais a fhorfheidhmiú i réimsí na cumarsáide leictreonaí, na seirbhísí agus na margaí digiteacha, na hiontaoibhe digítí agus na cibearshlándaíla, na sonraí, na leathsheoltóirí, na hintleachta saorga agus na seirbhísí meán closamhairc. Faoi thráth an aontachais, áirithíonn an Úcráin go gcomhlíonfar go hiomlán ceanglais *acquis* na meán chun saoirse agus iolrachas na meán a áirithiú. Áirithíonn an Úcráin freisin acmhainneacht chuí riaracháin agus neamhspleáchas iomlán na n-údarás rialála náisiúnta faoi seach, faoi thráth an aontachais.

Caibidil 16 – Cánachas

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Úcráin le *acquis* an Aontais sna réimsí ar gá tuilleadh ailínithe a dhéanamh ina leith, go háirithe maidir le cánachas díreach agus indíreach, lena n-áirítear CBL, dleachtanna máil, cánachas gluaisteán, agus maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais. Áirítear leis sin amlíne a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun ailíniú de réir a chéile le rialacha an Aontais i réimsí CBL agus dleachtanna máil ar tháirgí fuinnimh, alcól agus deochanna alcólacha agus tobac monaraithe, lena n-áirithítear ailíniú leis an raon feidhme, leis na díolúintí agus leis na rátaí maidir le híosmhéid. Áirítear leis sin freisin rialacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le malartú faisnéise, frith-mhí-úsáid agus cánachas gnó. Tá córas cánach simplithe na hÚcráine i gcomhréir le *acquis* an Aontais.
- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil acmhainneacht riaracháin leordhóthanach aici agus ardchaighdeán ionracais laistigh den riarachán cánach, leibhéal foirne leordhóthanacha, agus an bonneagar is gá ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon chun reachtaíocht chánach a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go ndéanfar bailiú éifeachtach cánach agus go ndéanfar iarrachtaí leanúnacha chun an t-éilliú sa riarachán cánach a chomhrac. Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil na struchtúir agus na socrúithe iomchuí i bhfeidhm ag an Lár-Oifig Idirchaidrimh agus ag an Lár-Oifig Idirchaidrimh Máil chun go mbeidh a ndóthain foirne acu agus chun go mbeidh siad oibríochtúil tráth an aontachais.
- Tá dul chun cinn leordhóthanach déanta ag an Úcráin maidir le córais tacaíochta TF a fhorbairt dá riarachán cánach, lena n-áirítear na córais sin a bhaineann le hidirnasacht agus idir-inoibritheacht le córais ábhartha an Aontais – na córais sin lena riartar CBL agus dleachtanna máil san áireamh – agus maidir leis na córais TF is gá a bhunú le haghaidh comhar cánach riaracháin agus malartú faisnéise i réimse an chánachais.

Caibidil 17 – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta

- Tá a creat dlíthiúil ailínithe ag an Úcráin le *acquis* an Aontais chun neamhspleáchas iomlán Bhanc Náisiúnta na hÚcráine agus an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta na hearnála poiblí a áirithiú, agus chun comhtháthú Bhanc Náisiúnta na hÚcráine sa Chóras Eorpach Banc Ceannais a chumasú.
- Tá ailíniú déanta ag an Úcráin ar a creat dlíthiúil chun ceanglais an Aontais maidir le creataí buiséadacha náisiúnta a chomhlíonadh.

Caibidil 19 – Beartas sóisialta agus fostaíocht

- Tá ailíniú déanta ag an Úcráin ar a reachtaíocht i réimsí dhlí an tsaothair agus na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair le *acquis* an Aontais, agus tá léirithe aici go mbeidh struchtúir riaracháin agus cumas forfheidhmiúcháin leordhóthanach i bhfeidhm faoi thráth an aontachais chun *acquis* an Aontais maidir le dlí an tsaothair agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chur chun feidhme i gceart, go háirithe tríd an gcóras cigireachta saothair a neartú.
- Tá ailíniú déanta ag an Úcráin le *acquis* an Aontais maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, agus maidir le neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann idir mná agus fir sa bheartas fostaíochta agus sóisialta, agus léiríonn sí go mbeidh struchtúir riaracháin, acmhainneachtaí riaracháin agus forfheidhmiúcháin leordhóthanacha i bhfeidhm faoi thráth an aontachais.
- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aici chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an chreata reachtaíochta agus an chreata beartais a áirithiú i réimsí na fostaíochta agus na mbeartas sóisialta, lena n-áirítear acmhainneachtaí pleanála agus oibríochtúla, chun idirphlé sóisialta éifeachtach a chothú, chomh maith le hacmhainneachtaí a áirithiú le Ciste Sóisialta na hEorpa a bhainistiú amach anseo.

Caibidil 20 – Beartas fiontraíochta agus beartas tionsclaíoch

- Tá straitéis thionsclaíoch chuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an Úcráin agus tá tús curtha aici lena cur chun feidhme i gcomhréir le beartais chomhfhreagracha an Aontais.
- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil acmhainneachtaí riaracháin agus leibhéal comhordúcháin leordhóthanach aici i gcás na n-aireachtaí agus na ngníomhaireachtaí lena mbaineann.

Caibidil 25 – Eolaíocht agus taighde

- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil na hacmhainneachtaí cur chun feidhme is gá aici chun a áirithiú, a luaithe is féidir de réir na n-imthosca, go dtiocfaidh méadú ar an infheistíocht sa taighde agus san eolaíocht, go háirithe ó chistiú poiblí.
- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil struchtúir curtha i bhfeidhm aici chun go neartófar na héiceachórais taighde agus nuálaíochta, agus chun go neartófar forbairt agus cur chun feidhme straitéisí um speisialtóireacht chliste agus bearta lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí i réimse an taighde agus na nuálaíochta.
- Tá treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde le haghaidh 2025-2027 glactha ag an Úcráin agus tá dul chun cinn déanta aici ina leith.

Caibidil 26 – Oideachas agus cultúr

- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil an creat institiúideach agus beartais is gá, an phleanáil bhuiséadach chomhfhreagrach, mar aon le bearta in aghaidh an éillithe curtha i bhfeidhm aici, arb é is aidhm dóibh cuspóirí beartais an Aontais a chomhlíonadh i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, an óige, an spórt agus an cultúr. Áirítear leis sin bearta lena laghdófar an bhearna idir na spriocanna a bunaíodh faoin Limistéir Eorpach Oideachais agus córas faireacháin iontaofa agus idir-inoibritheach a thógáil de réir a chéile lena rianaítear torthaí ar fud na bhfo-earnálacha oideachais uile.

Caibidil 29 – An t-aontas custaim

- Tá ardleibhéal ailínithe ag an Úcráin leis na réimsí ar gá tuilleadh ailínithe a dhéanamh ina leith, go háirithe Cód Custaim an Aontais agus an reachtaíocht thánaisteach chomhfhreagrach chomh maith le reachtaíocht chustaim eile de chuid an Aontais, mar shampla, maidir le faoisimh ó dhleacht chustaim agus maidir leis an bhforfheidhmiú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla, earraí cultúir, airgead tirim, réamhtheachtaithe drugaí agus earraí dé-úsáide.
- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach riaracháin agus oibríochtúil aici, agus ardchaighdeán sláine agus feidhmíochta ina riarachán custaim, chomh maith leis an mbonneagar is gá ina hoifigí custaim lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla chun a reachtaíocht chustaim a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, chun gluaiseachtaí trasteorann a rialú agus a mhaoirsiú go héifeachtach agus chun iarrachtaí leanúnacha a áirithiú chun an t-éilliú in earnáil an chustaim a chomhrac, lena n-áirítear tríd an athchóiriú ar Sheirbhís Custaim an Stáit a thabhairt chun críche, lena n-áirítear an fhoireann a athfhianú.
- Tá sé léirithe ag an Úcráin go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta maidir le hullmhú agus forbairt na gcóras custaim digiteach is gá chun Cód Custaim an Aontais agus reachtaíocht chustaim eile de chuid an Aontais a chur chun feidhme, trí Phlean Athchóirithe 2024-2030 Sheirbhís Custaim an Stáit (SCS) a chur chun feidhme agus trí na hacmhainní buiséadacha agus daonna is gá a áirithiú lena bhféadfar forbairt na gcóras custaim digiteach sin agus a n-idir-inoibritheacht le timpeallacht custaim digiteach an Aontais a áirithiú.

* *

Le linn na caibidlíochta, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha agus maidir le cur chun feidhme an *acquis* agus na gcaighdeán sin. Dearbhaíonn an tAontas go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hÚcráine a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil sé d'acmhainneacht aici ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na naisc idir an cnuasach atá faoi chaibidil anseo agus cnuasaigh chaibidlíochta eile. Ní féidir measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hÚcráine le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí den chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar an Úcráin faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gnuasach seo tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua de chuid an Aontais teacht chun bheith ann idir an 7 Deireadh Fómhair 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.
